Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**17099/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0328(NLE)**

**ECOFIN 1538**
**FIN 1141**
**UEM 494**
**CADREFIN 228**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Spáinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 gComhairle le cinntí cur chun feidhme an 17 Deireadh Fómhair 2023[3] agus an 14 Bealtaine 2024[4].

(2) An 3 Nollaig 2024 rinne an Spáinn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh go páirteach de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Spáinn.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Spáinn isteach de bharr imthosca oibiachtúla, baineann siad le 33 bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10150/21 agus ST 10150/21 ADD 1 REV 2 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 13695/23, ST 13695/23 REV 1 (en) agus ST 13695/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid ST 9303/24 agus ST 9303/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Spáinn go bhfuil trí bheart nach féidir a bhaint amach a thuilleadh san fhoirm ina bhfuil siad faoi láthair mar gheall ar easpa éilimh nó éileamh neamhleor a bheith ann. Baineann sé sin leis na ceanglais a leagtar amach i sprioc 197 de bheart I2 (Infheistíocht: Fás) faoi chomhchuid 13 (tacaíocht do FBManna). Baineann sé sin freisin leis na ceanglais a leagtar amach i sprioc 224 de bheart I3 (Infheistíocht: Straitéisí um athléimneacht na turasóireachta le haghaidh críocha thar lear) agus i sprioc 227 de bheart I4 (Infheistíocht: Gníomhaíochtaí sonracha i réimse an iomaíochais) faoi chomhchuid 14 (an Turasóireacht). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na mbeart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Spáinn maidir le garsprioc 316 agus na ceanglais a leagtar amach sa tuairisc ar bheart R3 (Athchóiriú: Dlí nua a ghlacadh maidir le teaghlaigh a chosaint agus a n-éagsúlacht a aithint) faoi chomhchuid 22 (plean gníomhaíochta maidir le geilleagar an chúraim, beartais chomhionannais agus chuimsithe a neartú) agus sprioc 371 faoi bheart Il (Infheistíocht: Plean digiteach le haghaidh spóirt) faoi chomhchuid 26 (spóirt a chur chun cinn), nach féidir iad a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne atá beartaithe mar gheall ar an ngá atá le nósanna imeachta ullmhúcháin a leanúint atá níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús ach atá níos fabhraí do chuspóirí beartais na mbeart sin a bhaint amach agus mar gheall ar dhlíthíocht i gcoinne na tairisceana rud a fhág go raibh moilleanna gan choinne ann. Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go ndéanfaí an fhoclaíocht i mbeart C22.R3 a leasú, agus go gcuirfí síneadh le hamlíne an chur chun feidhme do garsprioc 316 agus le hamlíne an chur chun feidhme do sprioc 371. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Spáinn go ndearnadh 24 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le spriocanna 14, 16, 18, 19 agus 20 agus an tuairisc ar bheart I3 (Infheistíocht: Bearta chun cáilíocht agus iontaofacht na seirbhísí iompair d'iarnród a fheabhsú) faoi chomhchuid 1 (plean turrainge soghluaisteachta inbhuanaithe, sábháilte agus nasctha i dtimpeallachtaí uirbeacha agus cathrach). Baineann sé sin freisin le sprioc 31 agus leis an tuairisc ar bheart I2 (Infheistíocht: Clár chun tithíocht shóisialta ar cíos a thógáil i bhfoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh) agus an tuairisc ar bheart I7 (Infheistíocht: Saoráid Iasachta na hInstitiúide Creidmheasa Oifigiúla (Instituto de Crédito Oficial) maidir leis an Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn) faoi chomhchuid 2 (cur chun feidhme chlár oibre uirbeach na Spáinne: plean athshlánúcháin agus athghiniúna uirbigh). Baineann sé sin freisin le sprioc 54 agus an tuairisc ar bheart I5 (Infheistíocht: Straitéis maidir leis an Earnáil Agraibhia agus Foraoiseachta agus an Timpeallacht Tuaithe a Dhigitiú: gníomhaíochtaí a fhorbairt chun tacú le digitiú agus fiontraíocht na hearnála agraibhia agus foraoiseachta agus na timpeallachta tuaithe) agus an tuairisc ar bheart I9 (Infheistíocht: Plean chun borradh a chur faoin inbhuanaitheacht, faoin taighde, faoin nuálaíocht agus faoin digitiú in earnáil an iascaigh (IV): Digitiú agus úsáid TFCanna in earnáil an iascaigh) faoi chomhchuid 3 (comhshaol agus claochlú digiteach an chórais agraibhia agus iascaigh). Baineann sé sin freisin leis an tuairisc ar bheart R3 (Athchóiriú: Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh ar an Líonra Náisiúnta Mórbhealaí) faoi chomhchuid 6 (soghluaisteacht inbhuanaithe (fad-achair)). Baineann sé sin freisin le spriocanna 131, 132, 133, 134, 135 agus 136 agus an tuairisc ar bheart I1 (Infheistíocht: Hidrigin in-athnuaite, tionscadal tíre) faoi chomhchuid 9 (hidrigin in-athnuaite).

Baineann sé sin freisin le spriocanna 188 agus 442 agus leis an tuairisc ar bheart I3 (Infheistíocht: Plean chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta maidir le dramhaíl agus le cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh) agus I5 (Infheistíocht: Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach) faoi chomhchuid 12 (beartas tionsclaíoch). Baineann sé sin freisin le garsprioc 449 de bheart R1 (Athchóiriú: Feabhas a chur ar an Rialachán Gnó agus ar an Aeráid), sprioc 198 agus an tuairisc ar bheart I2 (Infheistíocht: Fás), spriocanna 205 agus 209, agus an tuairisc ar bheart I3 (Infheistíocht: Digitiú agus Nuálaíocht), garspriocanna L35 agus L39, spriocanna L36, L37 agus L38, an tuairisc ar bheart I7 (Infheistíocht: Ciste *Next Tech* na hInstitiúide Creidmheasa Oifigiúla) mar aon le garsprioc L53, spriocanna L54, L55, L56, L57, L58 agus L59 agus an tuairisc ar bheart I13 (Infheistíocht: An Ciste Athléimneachta Réigiúnach) faoi chomhchuid 13 (tacaíocht do FBManna). Baineann sé sin freisin le garspriocanna L63 agus L66 agus le spriocanna L64 agus L65 mar aon leis an tuairisc ar bheart I9 (Infheistíocht: Saoráid Maoiniúcháin an Ciste um Shliseanna) faoi chomhchuid 15 (nascacht dhigiteach). Baineann sé sin freisin le sprioc 263 agus an tuairisc ar bheart I4 (Infheistíocht: Gairm Bheatha Eolaíoch Nua) faoi chomhchuid 17 (eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht). Baineann sé sin freisin le sprioc 467B de bheart I2 (Infheistíocht: Claochlú digiteach na gairmoiliúna) faoi chomhchuid 20 (plean straitéiseach chun borradh a chur faoin ngairmoiliúint). Baineann sé sin freisin le garsprioc 315 agus an tuairisc ar bheart R2 (Athchóiriú: Seirbhísí sóisialta poiblí a nuachóiriú agus creat rialála nua a thabhairt dóibh), mar aon le garsprioc 473 agus an tuairisc ar bheart I4 (Infheistíocht: Déanann plean na Spáinne thú a chosaint ar fhoréigean inscne) faoi chomhchuid 22 (plean gníomhaíochta maidir le geilleagar an chúraim, beartais comhionannais agus cuimsithe a neartú).

Baineann sé sin freisin le sprioc 354 agus an tuairisc ar bheart I1 (Infheistíocht: Iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú) faoi chomhchuid 24 (an tionscal cultúrtha). Baineann sé sin freisin le spriocanna 366 agus 476 mar aon leis an tuairisc ar bheart I1 (Infheistíocht: Clár chun an earnáil chlosamhairc a chur chun cinn, a nuachóiriú agus a dhigitiú), garspriocanna L77 agus L80 agus spriocanna L78 agus L79 mar aon leis an tuairisc ar bheart I3 (Infheistíocht: Ciste an Mhoil Chlosamhairc) faoi chomhchuid 25 (mol closamharc na Spáinne). Baineann sé sin freisin le garsprioc 386 agus an tuairisc ar bheart R2 (Athchóiriú: Anailís ar sochar cánach) agus garsprioc 388 agus an tuairisc ar bheart R3 (Athchóiriú: Coiste saineolaithe a bhunú le haghaidh athchóiriú cánach) faoi Chomhchuid 28 (an córas cánach a chur in oiriúint do réaltacht an aonú haois is fiche). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go ndéanfaí foclaíocht na tuairiscí ar bhearta, na ngarspriocanna agus na spriocanna thuasluaite a leasú. Thairis sin, d'iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme spriocanna 133, 134 agus 135 agus garspriocanna 315 agus 386. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Spáinn go ndearnadh ceithre bheart a leasú chun iad a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Baineann sé sin le spriocanna 81 agus 81b de bheart I4 (Infheistíocht: An t-imeallbhord a oiriúnú don athrú aeráide, agus Straitéisí Muirí agus Pleananna Pleanála Spásúlachta Muirí a chur chun feidhme) faoi chomhchuid 5 (acmhainní cósta agus uisce). Baineann sé sin freisin le sprioc 138 agus an tuairisc ar bheart R1 (Athchóiriú: Prótacail um Aistriú Cóir) faoi chomhchuid 10 (an t-aistriú cóir). Baineann sé sin freisin le garsprioc 307 agus an tuairisc ar bheart R3 (Athchóiriú: Athchóiriú cuimsitheach ar chóras na n-ollscoileanna) faoi chomhchuid 21 (an t-oideachas a nuachóiriú agus a dhigitiú, lena n-áirítear an luathoideachas 0-3). Baineann sé sin freisin le garsprioc 382 de bheart R3 (Athchóiriú: Cúnamh feabhsaithe do cháiníocóirí) faoi chomhchuid 27 (bearta agus gníomhaíocht chun calaois chánach a chosc agus a chomhrac). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go ndéanfaí foclaíocht na garsprice, na spriocanna agus an bhirt thuasluaite a leasú. Thairis sin, d'iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 81b. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Spáinn go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

Garspriocanna agus spriocanna a dháileadh

(9) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Spáinn i láthair a chur san áireamh.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(10) Sainaithníodh 13 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do 13 gharsprioc nó sprioc agus do 13 bheart faoi 10 gcomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Spáinn. Baineann na hearráidí cléireachais le garsprioc L1 de bheart R3 (Athchóiriú: Foraithne Ríoga lena rialaítear íoschritéir maidir le limistéir íseal-astaíochta) agus sprioc 6 de bheart I1 (Infheistíocht: Limistéir íseal-astaíochta agus mórathrú ar an iompar uirbeach agus cathrach) faoi chomhchuid 1 (plean turrainge soghluaisteachta inbhuanaithe, sábháilte agus nasctha i dtimpeallachtaí uirbeacha agus cathrach); sprioc 424 de bheart I1 (Infheistíocht: Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht in uisciú a fheabhsú) agus sprioc L10 de bheart I12 (Infheistíocht: Plean chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht in uisciú) faoi chomhchuid 3 (claochlú comhshaoil agus digiteach an chórais agraibhia agus iascaigh); sprioc 73 de bheart I4 (Infheistíocht: Bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí) faoi chomhchuid 4 (éiceachórais agus bithéagsúlacht); an tuairisc ar bheart I1 (Infheistíocht Stóráil fuinnimh a chur in úsáid) faoi chomhchuid 8 (bonneagar leictreachais, eangacha cliste agus cur in úsáid solúbthachta agus stórála);

sprioc 142 de bheart I1 (Infheistíocht: Infheistíocht san Aistriú Cóir) faoi chomhchuid 10 (aistriú cóir); sprioc 163 de bheart I2 (Infheistíocht: Tionscadail shonracha chun an rialtas láir a dhigiteáil), spriocanna 167 agus 169 de bheart I3 (Infheistíocht: Claochlú digiteach agus nuachóiriú d'Aireacht an Bheartais Chríochaigh agus don Státseirbhís agus do riarachán na gComhphobal Uathrialach agus na n-údarás áitiúil) faoi chomhchuid 11 (riaracháin phoiblí a nuachóiriú); sprioc 193 agus an tuairisc ar bheart I1 (Infheistíocht: Fiontraíocht) faoi chomhchuid 13 (tacaíocht do FBManna); sprioc 462 de bheart I9 (Infheistíocht: Aeraspás) faoi chomhchuid 17 (an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht); sprioc 281 de bheart I3 (Infheistíocht: Acmhainneachtaí méadaithe chun freagairt do ghéarchéimeanna sláinte) faoi chomhchuid 18 (an córas sláinte náisiúnta a athchóiriú agus a acmhainneacht a leathnú); agus sprioc 362 de bheart I3 (Infheistíocht: Digitiú agus cur chun cinn mórsheirbhísí cultúrtha) faoi chomhchuid 24 (tionscal cultúrtha). Thairis sin, ceartaíodh earráid chléireachais i suim mhéideanna comhlána na dtráthchodanna san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 freisin. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Measúnú ón gCoimisiún

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Spáinn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Measúnú dearfach

(13) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

(14) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Spáinne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an tráthchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus lena chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híocaíocht na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha, agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

*Airteagal 2*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na Spáinne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*